Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13334/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0293(NLE)**

**SCH-EVAL 201**
**ENFOPOL 389**
**COMIX 413**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12687/23 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an b**Portaingéil** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an **chomhair póilíneachta** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Phortaingéil ar *acquis* Schengen i dtaca leis an gcomhar póilíneachta, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Meán Fómhair 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an bPortaingéil maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhair póilíneachta i ndáil leis an bPortaingéil i mí na Samhna 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)2200 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

**1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.**

(2) Tá an méid seo a leanas seanbhunaithe agus feidhmiúil; 1) Oiliúint chomhpháirteach do gach Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim (PCCC) agus rannpháirtíocht ghníomhach bhaill foirne PCCC chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla sa réimse, 2) oibríochtaí comhpháirteacha (patróil) leis na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí idirnáisiúnta i gceantair thurasóireachta 3) comhar idir Oifig an Ionchúisitheora Ghinearálta agus na póilíní Breithiúnacha, lena n-áirítear an Pointe Teagmhála Aonair (SPOC) agus aonad náisiúnta Interpol

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí feabhais atá le déanamh ag an bPortaingéil chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. Ba cheart tús áite a thabhairt do mholtaí cur chun feidhme 1, 4, 5, 6 agus 7.

(4) An 9 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Moladh maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí. Iarrtar ar an bPortaingéil an méid sin a chur san áireamh agus na moltaí ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh seo á gcur chun feidhme aici.

(5) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(6) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na dtuarascálacha meastóireachta agus na moltaí, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta, a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922.

(7) Laistigh de 2 mhí tar éis a ghlactha, ba cheart don Phortaingéil, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Phortaingéil an plean gníomhaíochta sin a chur ar fáil don Choimisiún agus don Chomhairle,

AG MOLADH:

gur chóir go ndéanfadh an Phortaingéil an méid a leanas

**Eagrúchán agus freagrachtaí**

1. tús áite a thabhairt do phróiseas athstruchtúrú chóras rialaithe teorann na Portaingéile chun cur chun feidhme éifeachtach an chórais nua a ráthú.

**Straitéis measúnaithe riosca, anailís riosca agus táirgí anailíseacha comhchosúla**

2. leanúint de na hiarrachtaí moladh na meastóireachta a rinneadh roimhe seo a chur chun feidhme trí stóinseacht na straitéise measúnaithe riosca a glacadh agus an 'tuiscint straitéiseach iomlánaíoch' a bhaineann léi a áirithiú.

**Eitic**

3. feasacht a mhúscailt laistigh d'fhórsaí póilíneachta maidir leis na féidearthachtaí chun gearáin a dhéanamh faoi chásanna éillithe agus faoi mhí-úsáid cumhachtaí.

**Comhaontuithe déthaobhacha**

4. leanúint gan mhoill leis an athchaibidlíocht ar na comhaontuithe déthaobhacha atá ann faoi láthair leis an Spáinn ionas go gcomhlíonfaidh siad riachtanais a fórsaí póilíneachta agus go mbeidh siad ina n-uirlis éifeachtach maidir le comhar i bhforfheidhmiú an dlí i limistéar Schengen, agus ag an am céanna moladh (AE) 2022/915 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 a chur san áireamh.

5. a chuid dearbhuithe faoin gCoinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme a oiriúnú ionas go gcuirfear deireadh leis na srianta ar thóir thrasteorann ag údaráis inniúla na Spáinne ar thalamh na Portaingéile.

**Pointe teagmhála aonair**

6. leanúint ar aghaidh le comhtháthú iomlán dlíthiúil agus eagraíochtúil Bhiúró Lárnach Náisiúnta Interpol agus Aonad Náisiúnta Europol i struchtúr SPOC, ionas go mbeidh sé ina mhol le haghaidh gach malartú faisnéise idirnáisiúnta isteach agus amach.

**Córais bainistithe cásanna**

7. córas leictreonach bainistithe cásanna a fheabhsú go práinneach le haghaidh eintitis uile an Phointe Teagmhála Aonair agus na Lárionaid um Chomhair Póilíneachta agus Custaim, rud a áiritheoidh uathoibriú próiseála faisnéise, córas rianaithe le haghaidh sprioc-amanna agus faireachán ar riaráiste mar aon le hinneall sreafa oibre, lena n-ionchorpraítear gach cainéal malartaithe faisnéise idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí.

**Bainistiú faisnéise agus bunachair sonraí**

8. líon na n-úsáideoirí a mhéadú trí inrochtaineacht ardán PIIC a leathnú thar imscrúduithe coiriúla gníomhacha, rochtain ar bhonn 'amas a fháil/gan amas a fháil' ar a laghad a chumasú, PIIC a nascadh le Córas Faisnéise Schengen, bunachair sonraí INTERPOL agus Córas Faisnéise Europol, agus rochtain SPOC a thabhairt do PIIC.

9. na feidhmchláir chuardaigh náisiúnta ar ghléasanna deisce agus móibíleacha a fheabhsú go práinneach chun cuardaigh aonair a dhéanamh ar réada agus ar dhaoine aonair, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil seiceálacha isteach i gCóras Faisnéise Schengen agus i mbunachair sonraí Interpol éigeantach.

10. rochtain chuardaigh ar Chóras Faisnéise Europol (EIS) a thabhairt d'imscrúdaitheoirí ó na húdaráis forfheidhmithe dlí éagsúla, mar aon le hoiliúint chomhfhreagrach a chur ar úsáideoirí deiridh agus rochtain ar lódálaí sonraí EIS a leathnú chuig gach údarás inniúil forfheidhmithe dlí chun a áirithiú go n-uaslódálfar faisnéis choiriúil a fhaightear laistigh d'imscrúduithe leanúnacha nuair a bhaineann sí le coireacht thromchúiseach agus eagraithe agus sceimhlitheoireacht.

11. rochtain dhíreach ar fheidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise Europol a leathnú chuig aonaid imscrúdaitheacha náisiúnta agus réigiúnacha na n-údarás inniúil forfheidhmithe dlí agus chuig Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim (PCCCanna) agus faireachán 24/7 a áirithiú.

12. rochtain a thabhairt do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Portaingéile, lena n-áirítear SPOC, agus don Riarachán Custaim ar bhunachair sonraí ábhartha a chéile ar bhonn 'amas a fháil/gan amas a fháil'.

13. athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte reatha i scríbhinn maidir leis na rialacha a bhaineann le malartú trasteorann faisnéise um fhorfheidhmiú an dlí, rogha uirlisí idirnáisiúnta comhair um fhorfheidhmiú an dlí agus bealaí cumarsáide (samplaí praiticiúla, mar shampla, a liostú).

14. rochtain dhíreach ar líne ar na bunachair sonraí náisiúnta ábhartha a chur ar fáil d'Oifigigh Idirchaidrimh na Portaingéile ar iasacht thar lear.

**Acmhainní daonna agus oiliúint**

15. leas iomlán a bhaint as feidhmiúlachtaí féideartha an ardáin foghlama atá ar fáil, trí rialú cáilíochta na sonraí ionchuir a áirithiú, trí fhoghlaim agus tástálacha éigeantacha ar líne a thabhairt isteach, le torthaí intomhaiste agus trí líon na n-úsáideoirí a leathnú.

16. straitéis a fhorbairt maidir le hoifigigh idirchaidrimh a imscaradh, agus aird á tabhairt ar na measúnuithe riosca agus na measúnuithe ar bhagairtí lena ndéantar anailís ar thionchar na coiriúlachta eachtraí ar shlándáil na Portaingéile féin agus a mhalairt.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*